Focal id' Chluais.

A word in your ear Aibreáin'09.

Comhairle ó Sháirsint Ó Loinsigh.

Bhí an Sáirsint ag ár Scoraíocht i rith mí Márta agus seo an chomhairle a bhí aige.

1. Ná lig strainséir isteach i do theach riamh: Muna bhfuil tú cinnte go n-aithníonn tú duine a thagann isteach sa chlós nó duine a chnagann ar an doras **ná oscail an doras.** Déin ceann des na rudaí seo:

a. Cuir glaoch ar ghaol nó chomharsan.

b. Brú an cnaipe dearg san aonad freagartha éigeandála agus inis do scéal dóibh.

c. Cuir glaoch ar na Gardaí, an uimhir éigeandála ná 999 nó 112 nó cuir glaoch ar Stáisiúin na nGardaí i Maigh Chromtha ag 026 - 20590. Tá na Gardaí i Maigh Chromtha ar fáil 24 uair sa ló.

2. Má thugann tú faoi ndeara go bhfuil carr nó veain amhrasach timpeall na h-áite tóg síos an clár uimhir agus tabhair dos na Gardaí é chun é a imscrúdú. Ná bíodh eagla ort nó ná bí buartha riamh faoi ghlaoch a chuir ar na Gardaí.

3. Bí eolach faoi daoine ag teacht go dtí an tigh mar tá an seans ann go bhfuil siad ag ligint orthu gur cuairteoirí proifisiúnta iad agus an t-aon aidhm atá acu ná bealach a fháil isteach sa tigh. Mar shampla féachann seaicéad "high vis", hata cruadh agus suaitheantas an-dhlisteanach ach ní hé seo an cás an t-am go léir, cuir glaoch chun a bheith cinnte.

4. Ná coimeád ach an méid airgid atá ag teastáil don tseachtain sa tigh.

5. Bíodh teagmháil agat le gaol nó cara gach aon lá.

An tAonad Freagartha Éigeandála: Caith an cnaipe an t-am go léir mar oibríonn sé 100 meadar ón teach. Déin é a sheiceáil gach aon mhí. Is féidir é a usáid chun comhrá a bheith agat leo aon am.

Tá soilsí slándála agus slabhraí don doras ar fáil ó Pobal ar Aire: Tá foirmeacha iarratais ar fáil ó MFG Meitheal Mhúscraí ag 026 - 45661.

Comhairle Bhreise.

1. Má tá tú ag dul amach cuir an doras faoi ghlas ar do shlí amach.

2. Bíodh sciath thine ós comhair na tine i gcónaí.

mfg-Meitheal Mhúscraí, Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.
Tel: 026-45661. muscrai@eircom.net

Séanadh: Tógaimíd an-aire taighde chun an t-eolas atá clóite anseo a fhíorú. Táimíd comh cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. 'Sé an sprioc atá again ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine Ní féidir le MFG-Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.

Cois Cille, Cill na Martra 026-40999.

Lón ar fáil anois ceithre lá ag 12.30in.
Luan, Máirt, Céadaoin, agus Aoine.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré.
Cosliacht, Máirt 7ú Aibreán le coinne.
Cuir glaoch ar Mary/Eileen ag 026-40999.
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 026-45661.

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.
Beidh Cuan Barra ar oscailt ar an 14ú lá in ionad an 13ú lá de bharr an lá Saoire Bainc ar an Luan.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré.
Cuir glaoch ar Shiobhán/Lucy 087 1378099.
Taisteal ar fáil, 026-45661
Aisling Ní Laoire, Teiripeoir Scéimhe.
Déardaoin **9ú** agus **23ú** d'Aibreáin,
087 6579894 le haghaidh coinne.
An Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00 in.
Cártaí gach Déardaoin ag 9.00 a chlog.
Fáilte roimh Cách.

Cuardach Focail.

Sa chuardach focail seo tá 10 focail atá bainteach leis an gCáisc. Tá siad tugtha i nGaolainn faoin ngreille ach tá siad i mBéarla ins an greille. m.sh. má tá tú ag faire amach do Aspal tá sé i mBéarla sa ghreille: Apostle.

P	C	R	U	C	I	F	I	X	I	O	N
N	U	E	O	A	P	O	S	T	L	E	L
C	G	S	A	U	T	A	N	T	E	I	G
E	M	U	L	F	P	K	A	O	R	Y	O
J	E	R	U	S	A	L	E	M	T	I	O
E	L	R	G	O	R	P	M	B	L	T	D
S	C	E	B	T	M	E	U	O	P	M	F
U	M	C	R	O	S	S	E	K	L	A	R
S	R	T	W	P	O	A	C	W	G	P	I
A	C	I	L	P	A	W	H	D	S	F	D
I	U	O	L	W	I	A	F	C	L	K	A
H	M	N	E	F	E	U	H	I	R	B	Y
A	D	W	N	C	Y	M	L	W	P	K	U
L	A	S	T	S	U	P	P	E	R	A	O

Carghas
Aspal
Tuama
Suipéar Deireanach
Aoine an Chéasta
Céasadh
Íosa
Aiséirí
Cros
Iarúsailéim

Regina Coeli.

Regina coeli, laetare, alleluia:
Quia quem meruisti portare, alleluia,
Resurrexit, sicut dixit, alleluia.
Ora pro nobis Deum, alleluia.

Nodanna le Fuinneamh a Shábháil.

1. Dí-reoigh an cuisneoir agus an reoiteoir ar a laghad uair amháin gach sé mhí. Méadaíonn sioc an méid fuinnimh a úsáideann an reoiteoir agus an cuisneoir.

2. Líon suas an t-inneall níocháin agus an miasniteoir nuair atá tú á n-usáid.

3. Múch an teilifís in ionad é a fhágaint i mód fuaireachais. Úsáideann trealamh i mód fuaireachais 20% den mhéid fuinnimh iomlán a úsáideann siad nuair a bhíonn siad ar siúl.

4. Ná líon an citeal, beirigh an méid a bheidh ag teastáil.

5. Dún na cuirtíní istóiche chun an teas a choiméad i do sheomra ach dein cinnte nach bhfuil siad ag crochadh thar an radaitheoir.

Cleas Inchinne.

Tá 42 cártaí sacair ag Karen, Jeff agus Chris. Tá dhá oiread níos mó cártaí ag Chris ná mar atá ag Karen. Tá 6 cártaí níos mó ag Jeff ná mar atá ag Karen. Cé mhéid cártaí atá ag gach duine?

Freagraí ón mí seo caite.

Cleas Inchinne: Tá Micheál ag obair i Leabharlann agus na rudaí atá á thógaint amach ag na daoine as an áit ná leabhair.

Scoraíocht an Déardaoin.

Ionad Áise, Réidh na nDoirí.
Déardaoin **16ú** Aibreán 2.30-5.00in.
Beidh smaointí agus moltaí do thrusanna agus cainteoirí dos na scoraíochtaí atá le teacht á phlé ag an scoraíocht in Aibreán. Tá bhur dtuairimí ag teastáil. Tá taisteal ar fáil, cuir glaoch go luath. 026 – 45661.